

Treoir 'd'oibrithe' ag tuairisciú faisnéise do na Coimisinéirí Ioncaim faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014

Áirítear le 'hoibrí':

- fostaithe
- oibrithe gníomhaireachta
- conraitheoirí
- oiliúnaithe
- oibrithe deonacha
- comhaltaí boird
- scairshealbhóirí
- iarratasóirí poist.

1. Réamhrá

Fáiltíonn na Coimisinéirí Ioncaim roimh gach eolas faoi éagóir fhéideartha a bhaineann le rialuithe cánach, dleachta nó custam. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis seo, mar shampla, faisnéis a shonraíonn má loictear an dliteanas ceart cánach nó dleachta a dhearbhu nó an méid ceart cánach nó dleachta atá dlite a íoc, calaois chánach nó dleachta agus iompórtáil neamhdhleathach ar earraí, srl. Déileáileann na Coimisinéirí Ioncaim go dáiríre le gach tuairisc agus le rúndacht iomlán

Féadfaidh duine ar bith faisnéis faoi éagóir fhéideartha a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim. Is féidir é seo a dhéanamh trí:

1. Nochtadh cosanta a dhéanamh

Más oibrí thú ar mian leat faisnéis faoi éagóir fhéideartha i d'ionad oibre a thuairisciú, féadfaidh tú do thuairisc a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim faoi chuimsiú an Ahta um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú) (An tAcht). Tugtar 'nochtadh cosanta' air seo. Tugann an tAcht cosaintí láidre dlíthiúla dóibh siúd a dhéanann nochtadh cosanta.

2. Gníomhaíochtaí sa scáthgheilleagar a thuairisciú

Mura mbaineann an éagóir le d'ionad oibre, tá roinnt bealaí eile ann ar féidir leat faisnéis a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim. Mínítear iad seo ar ár leathanach gréasáin [Imghabháil Chánach a Thuairisciú \(Gníomhaíochtaí sa Scáthgheilleagar\)](#).

Baineann an treoir seo go sonrath le faisnéis a thuairiscítear do na Coimisinéirí Ioncaim faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú). Is duine forordaithe faoin Acht é Stiúrthóir Iniúchtaí Inmheánacha na gCoimisinéirí Ioncaim chun an fhaisnéis sin a fháil.

2. Céard is nochtadh cosanta ann?

Is téarma dlíthiúil é 'nochtadh cosanta' a thagraíonn do thuairisciú faisnéise déanta ag 'oibrí' faoi éagóir fhéideartha a tháinig chun solais san ionad oibre. Uaireanta tugtar 'sceithireacht' ar nochtadh cosanta a dhéanamh.

Áirítear le **'hoibrí'**:

- fostaithe
- oibríthe gníomhaireachta
- conraitheoirí
- oiliúnaithe
- daoine aonair ar thaithí oibre
- oibríthe deonacha
- comhaltaí boird (feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin)
- scairshealbhóirí
- iarratasóirí poist.

Sa chás go bhfuil nochtadh cosanta á dhéanamh agat, ba cheart go mbeadh tuairim réasúnta agat go léiríonn an fhaisnéis atá á thuairisciú agat, gur tharla éagóir, go bhfuil sé ag tarlú, nó gur dócha go dtarlóidh sé.

3. Céard iad na héagóracha ar féidir liom a chur in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim?

Féadtar nochtadh cosanta a dhéanamh le Stiúrthóir Iniúchtaí Inmheánacha na gCoimisinéirí Ioncaim ar éagóir a bhaineann le rialuithe cánach, dleachta nó custam sa Stát.

Sainmhínítear go forleathan san Acht na cineálacha éagóra is féidir a thuairisciú mar nochtadh cosanta. D'fhéadfadh na cineálacha a bhaineann le rialuithe cánach, dleachta nó custam, a fhéadtar a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim a bheith san áireamh:

- loiceadh cloí le dualgas dlíthiúil
- úsáid neamhdhleathach nó míchuí cistí poiblí
- cionta coiriúla
- fianaise maidir le héagóir a cheilt nó a scriosadh
- iompar leatromach, idirdhealaitheach nó faillíoch ag comhlacht poiblí.

4. Céard iad na cosaintí a chuirfead ar fáil má dhéanaim tuairisc?

Má chuireann tú faisnéis ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim faoi chuimsiú an Achta um Nochtadh Cosanta, déanfar do thuairisc agus d'aitheantas a chosaint agus déileálfar leo le rúndacht iomlán.

Chomh maith leis sin, faoin Acht, tá cosc ar aon iompar nó gníomh a chuireann faoi míbhuntáiste thú as labhairt amach faoi éagóir san ionad oibre.

Tá leigheasanna sonracha ar fáil má fhulaingíonn tú aon chineál cóireála éagórach amhail aistriú dualgais, ísliú céime, imeaglú, ciapadh, laghdú pá nó uaireanta nó dífhostú. Meastar gur pionósú atá i gceist leis na cineálacha gníomhartha seo.

Má chreideann tú go raibh tú faoi mhíbhuntáiste nó gur gearradh pionós ort as nochtadh cosanta a dhéanamh, féadfaidh tú maíomh a thabhairt os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. Féadtar éileamh ar fhaoiseamh urghaire a thabhairt isteach sa Chúirt Chuarda freisin.

Is iad seo a leanas na teorainneacha ama ábhartha a bhfuil feidhm acu maidir le héilimh dá leithéid a dhéanamh:

- chuig an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, laistigh de 6 mhí ón phionósaithe
- chuig an gCúirt Chuarda, laistigh de 21 lá ón tarlaithe dheireanaigh den phionósú.

5. Cén chaoi ar féidir liom nochtadh cosanta a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim?

Féadtar nochtadh cosanta a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim trí:

- an [fhoirm shlán tuairiscithe um nochtadh cosanta ar líne](#) a chomhlánú
- ríomhphost a sheoladh chuig protecteddisclosure@revenue.ie
- scríobh chuig an Stiúrthóir Iniúchtaí Inmheánacha, Bloic 8-10, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2
- glaoch a chur ar an líne tiomnaithe nochtadh cosanta ar (01) 8589250.

Agus nochtadh á dhéanamh agat, molann na Coimisinéirí Ioncaim duit an oiread faisnéise sonraí fíriciúil agus is féidir a chur ar fáil (féach cuid 7). Fágfaidh sé sin go mbeifear in ann measúnú cruinn agus iomlán a dhéanamh ar na sonraí a nochtar.

Is ar na Coimisinéirí Ioncaim atá an fhreagracht aon éagóir a imscrúdú agus aghaidh a thabhairt uirthi. Ní iarrtar ort ábhair a imscrúdú tú féin chun cruthúnas a fháil i leith an amhrais agus níor chóir duit iarracht a dhéanamh tabhairt faoi sin.

Nuair a bheidh nochtadh cosanta déanta i comhréir leis an Acht, ní féidir leat é a aistarraing.

6. An féidir liom fanacht gan ainm?

Glacann na Coimisinéirí Ioncaim le nochtaí faisnéise gan ainm. Cé nach féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim a leithéid de thuairiscí a admháil, caitear leo ar an mbealach céanna, ó thaobh tábhachta agus measúnaithe de, mar nochtaí lena n-áirítear sonraí teagmhála pearsanta.

Is féidir nochtaí a rinneadh ar dtús ar bhonn anaithnid a athrú ag am ar bith trí d'ainm agus do shonraí teagmhála a sholáthar. Ciallaíonn sé seo, go gcuirfear raon iomlán na gcosaintí dlíthiúla ar fáil duit atá leagtha amach san Acht.

Má roghnaíonn tú d'ainm agus do shonraí teagmhála a chur san áireamh, ag céim ar bith den phróiseas, glacfaidh na Coimisinéirí Ioncaim gach cúram réasúnach chun rúndacht d'aitheantais a chosaint.

7. Cad ba chóir dom a chur san áireamh i mo thuairisc?

Nuair atá nochtadh á dhéanamh, cuir an oiread eolais agus is féidir san áireamh le do thoil, lena n-áirítear:

- gur nochtadh cosanta í an tuairisc, atá á dhéanamh le Stiúrthóir Iniúchtaí Inmheánacha na gCoimisinéirí Ioncaim mar dhuine forordaithe
- d'ainm, d'ionad oibre, do phost san eagraíocht agus sonraí teagmhála rúnda
- dáta na héagóra líomhnaithe (más eol) nó an dáta ar cuireadh tús leis an éagóir líomhnaithe nó gur aithníodh é

- cibé an bhfuil nó nach bhfuil an éagóir líomhnaithe fós ar siúl
- faisnéis maidir leis an éagóir líomhnaithe (cad atá ag tarlú / a tharla agus conas) agus aon fhaisnéis tacaíochta
- ainm aon duine/daoine a líomhnaítear a raibh baint acu leis an éagóir líomhnaithe (más eol agus má mheasann tú gur gá an t-ainm a chur san áireamh chun an éagóir a thuairisciú) agus,
- aon fhaisnéis ábhartha eile.

8. Céard a tharlaíonn tar éis dom nochtadh cosanta a dhéanamh?

Déileáil na Coimisinéirí Ioncaim go dáiríre le gach nochtadh agus le rúndacht iomlán. Déantar gach nochtadh a mheas go hiomlán agus, a mhéid is féidir ón bhfaisnéis a chuirtear ar fáil, déantar gníomh leantach cuí.

Admháil

Má chuir tú do shonraí teagmhála san áireamh le do nochtadh, gheobhaidh tú admháil laistigh de 7 lá féilire. Is iad seo a leanas na heisceachtaí ina leith sin:

- gur iarr tú gan admháil a fháil, nó
- go gcreidtear go réasúnach go mbeadh baol ann d'aitheantas an duine dá dtabharfaí admháil ar an nochtadh. Mar shampla, ní sheolfar admhálacha chuig seoltaí ríomhphoist ginearálta mar info@.

Measúnú

Déanann duine ainmnithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim gach nochtadh a mheas, agus tá an té sin freagrach as measúnú tosaigh agus bainistíocht fhoriomlán do thuairisce.

Déanfar cinneadh ón measúnú tosaigh maidir leis an méid a leanas:

- d'fhéadfadh sé gur tharla éagóir,
- gur comhlíonadh na critéir chun go ndéileálfaí leis an tuairisc mar nochtadh cosanta, agus
- tagann an éagóir faoi raon feidhme na nithe a bhfuil Stiúrthóir Iniúchtaí Inmheánacha na gCoimisinéirí Ioncaim freagrach as.

Mura dtagann an éagóir faoi raon feidhme agus freagracht Stiúrthóir Iniúchtaí Inmheánacha na gCoimisinéirí Ioncaim, cuirfear an tuairisc ar aghaidh go slán chuig an [duine forordaithe](#) ábhartha, nó chuig Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta, de réir mar is cuí. Cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim in iúl duit má tharchuirtear do thuairisc ar aghaidh agus an chúis bainteach leis sin.

Má theastaíonn tuilleadh eolais uainn chun cabhrú lenár measúnú, déanfaidh an duine ainmnithe teagmháil leat.

Aiseolas

Tabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim admháil go bhfuarthas faisnéis sa chás go gcuirtear sonraí teagmhála ar fáil le do nochtadh.

De réir Alt 851A den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, áfach, tá dualgas dlíthiúil ar na Coimisinéirí Ioncaim rúndacht cáiníocóirí a chosaint. Ciallaíonn sé seo nach féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim aiseolas nó nuashonruithe a chur ar fáil duit maidir le dul chun cinn nó toradh aon mheasúnaithe nó gníomh leantach a d'fhéadfadh eascairt as an bhfaisnéis a chuir tú ar fáil.

9. Cá bhfaighidh mé tacaíocht nó comhairle?

Má tá tú ag smaoineamh ar nochtadh cosanta a dhéanamh nó má tá aon amhras ort faoi cibé an mbaineann an reachtaíocht agus a cosaintí leat, tá sé tábhachtach go lorgóidh tú comhairle agus treoir chuí maidir le do chás sula ndéanann tú tuairisc.

Tá faisnéis agus comhairle rúnda (lena n-áirítear comhairle dlí) maidir le nochtadh cosanta a dhéanamh ar fáil, saor in aisce, ó Transparency International Ireland. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil maidir le labhairt amach go sábháilte ag www.speakup.ie.

Is féidir comhairle ghinearálta a fháil freisin ó [Faisnéis do Shaoránaigh](#).